An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0012/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna**

# Leasú ar an Scéim Saoire Atharthachta do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Mar gheall ar athruithe reachtaíochta a tháinig i bhfeidhm an 16 Meán Fómhair 2024, cuireann an Nóta Faisnéise seo comhairle ar fáil d'fhostóirí maidir le leasú ar an Scéim Saoire Atharthachta do mhúinteoirí, mar atá in Ciorclán 0054/2019 (Caibidil 4).

## 2. Teidlíocht Saoire Atharthachta

2.1 Tá alt 2.4 den Scéim Saoire Atharthachta leasaithe mar seo a leanas:

*'I gcás marbh-bhreithe, nó breith anabaí, aon tráth tar éis an 23ú seachtain toirchis, nó i gcás go mbeidh 400 gram meáchain ar a laghad ag an leanbh, beidh feidhm ag teidlíochtaí iomlána Saoire Atharthachta.'*

## 3. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

3.1 Cinntigh go scaipfear an Ciorclán seo ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na múinteoirí uile atá fostaithe ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta.

3.2 Is féidir an Nóta Faisnéise seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.gov.ie.

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS**

**08 Deireadh Fómhair 2024**